


# Modúl 8

# Féachaimis ar Sheanghrianghraif

*Ag úsáid seanghrianghraf chun blas a fháil ar an am atá thart*

## Comhtháthú agus Nascadh Curaclaim

*Féach Treoirlínte an Mhúinteora (as Béarla amháin) le breis eolas a fháil* 

## OSIE Stair

### RANGANNA NAÍONÁN

**SNÁITHE: Scéalaíocht**
- Snáithaonad: Scéalta

### RANG 1 & 2

**SNÁITHE: Scéalaíocht**
- Snáithaonad: Scéalta

**SNÁITHE: Athrú agus leanúnachas**
- Snáithaonad: Leanúnachas agus athrú sa gharthimpeallacht

**SNÁITHE: Mise agus mo mhuintir**
- Snáithaonad: Nuair a bhí mo sheanaithreacha/sheanmháithreacha óg

### RANG 3 & 4

**SNÁITHE: Staidéir Áitiúla**
- Snáithaonad: Foirgnimh, láithreáin nó fothraigh i mo cheantar
- Snáithaonad: Mo cheantar trí na haoiseanna

**SNÁITHE: Scéalaíocht**
- Snáithaonad: Scéalta as saol daoine a mhair san am atá thart

**SNÁITHE: Leanúnachas agus athrú le himeacht ama**
- Snáithaonad: Áitribh agus tithe
- Snáithaonad: Iompar
- Snáithaonad: Siopaí agus aontaí

**SNÁITHE: Saol, sochaí, obair agus cultúr san am atá thart**
- Snáithaonad: An saol sa naoú haois déag
- Snáithaonad: An saol in Éirinn ó chaogaidí na fichiú haoise i leith

### RANG 5 & 6

**SNÁITHE: Staidéir Áitiúla**
- Snáithaonad: Foirgnimh, láithreáin nó fothraigh i mo cheantar
- Snáithaonad: Mo cheantar trí na haoiseanna

**SNÁITHE: Scéalaíocht**
- Snáithaonad: Scéalta as saol daoine a mhair san am atá thart

**SNÁITHE: Leanúnachas agus athrú le himeacht ama**
- Snáithaonad: Áitribh, forbairtí tithíochta agus uirbeacha
- Snáithaonad: Iompar agus cumarsáid
- Snáithaonad: Babhtáil, trádáil agus airgead

**SNÁITHE: Saol, sochaí, obair agus cultúr san am atá thart**
- Snáithaonad: An saol sa naoú haois déag
- Snáithaonad: An saol in Éirinn ó chaogaidí na fichiú haoise i leith

## NASCADH



**OSIE Tíreolaíocht**
- Imshaoil dhaonna
- Feasacht agus cúram imshaoil



**OSIE Eolaíocht**
- Ábhar
- Feasacht agus cúram imshaoil

## COMHTHÁTHÚ



**Matamaitic**
- Luathghníomhaíochtaí matamaiticiúla
- Uimhreas
- Cruth agus spás
- Sonraí
- Tomhais



**Na hAmharcealaíona**
- Líníocht



**OSPS**
- Mise agus an domhan mór




**Gaeilge**
- Éisteacht
- Labhairt
- Scríbhneoireacht
- Léitheoireacht




**English**
- Receptiveness to language
- Competence and confidence
- Developing cognitive abilities through language
- Emotional and imaginative development through language

"An rud ba mhó a thaitin liom ná an seanghrianghraf agus bheith ag féachaint ar conas mar a mhair daoine fadó. D'fhoghlaim mé go leor ón ngrianghraf - ní raibh carranna acu an uair sin mar shampla. Cheap mé go raibh sé an-suimiúil."

*Dalta Rang 6*







## CUSPÓIR

Luach na seanghrianghraf mar áis chun tuiscint a thabhairt dúinn ar conas mar a mhair daoine fadó a léiriú do na daltaí.

## AOISGHRÚPA

Tá an modúl seo oiriúnach do gach rang leibhéal.
Chun an modúl a láimhseáil i gceart do gach aoisghrúpa, féach Treoirlínte an Mhúinteora (ar fáil as Béarla amháin).

## ÁBHAIR AGUS FEARAS

**Bileoga Oibre (BO)**

- Seanghrianghraf **(BO1)**
- Grianghraf Nua **(BO2)**
- Cad a fheiceann tú? **(BO3)**
- Grianghraif – sean agus nua **(BO4)**

## ULLMHÚCHÁN

Tógadh an chéad ghrianghraf sa bhliain 1826 ach níor éirigh grianghrafadóireacht coitianta agus ní raibh sí ar fáil go forleathan go dtí déanach go leor sa naoú céad déag. Is íomha ar leith é an seanghrianghraf agus is féidir leis cuid mhór eolais a thabhairt dúinn mar gheall ar an am atá thart. Tá an t-ádh orainn go bhfuil an oiread sin íomhánna den saol fadó coinnithe againn i bhfoirm grianghraf.

Tá samplaí de ghrianghraif ar B**hileoga Oibre 1** agus **3** ach ba chóir iarracht a dheánamh samplaí áitiúla a úsáid ina n-ionaid.

**Nod:** Bíonn seanghrianghraif ar fáil go minic i leabhair staire áitiúla, ar bhallaí fhoirgnimh tráchtála (tithe leanna, bainc srl) agus ón leabharlann áitiúil.







# Tosaímis!

## Suíomh a chruthú

Is sráid-dreach (féach Modúl 9) a tógadh i gCill Mocheallóg, Contae Luimnigh é an radharc fótagrafach seo. Tógadh an grianghraf go luath san fhichiú céad, thart ar chéad bliain ó shin. Tá an grianghraf féin dubh agus bán mar nach raibh aon rogha eile ann ag an am. Pléigh na deacrachtaí a bhain le grianghraif a ghlacadh céad blain ó shin, le claonchlónna (negatives) móra gloine, am fada nochta (bheadh an grianghraf doiléir dá mbeadh aon bhogadh ann) agus ceamaraí móra liobarnacha ar thríchosaigh. Cuir é sin i gcomparáid le cé chomh héasca is atá sé grianghraf a thógáil sa lá atá inniu ann le ceamaraí aon uaire nó leis an bhfón póca fiú.

Smaoinigh ar thábhacht na seanghrianghraf – An mbeadh muid ábalta an chuma a bhí ar an tsráid seo céad bliain ó shin a shamhlú gan ghrianghraif mar seo?

## An Ghníomhaíocht

Tabhair **Bileog Oibre 1** do gach dalta. Iarr orthu an radharc sa ghrianghraf a scrúdú. Úsáid na nodanna seo a leanas chun an comhrá faoin radharc a spreagadh.

**Tosaigh leis na foirgnimh:**

- féach ar líon na bhfoirgneamh a bhfuil 1, 2 & 3 stór acu.
- an sraith nó foirgnimh aonair atá i gceist?
- cineál fuinneoige? (sais; plástar mórthimpeall)
- ábhair dín? (slinn; tuí)
- úsáid na bhfoirgneamh: siopaí ar urlár na talún; spás cónaithe thuas staighre
- líon na simléar (líon na dtinteán- gan teas lárnach? cén breosla?)
- cén fáth a bhfuil bearnaí idir na foirgnimh? (lánaí; clóis; stáblaí)

**Siopaí**

- cad as a bhfuil aghaidh an tsiopa déanta?
- cad atá ar díol sna siopaí, meas tú? (féach Treoirlíne an Mhúinteora, ar fáil as Béarla)

**Daoine**

- cad atá ar siúl acu?
- cén sórt éadaí atá á gcaitheamh acu?


**Iompar**

- cé na modh taistil atá ar an tsráid? (capall agus cairt, asal agus cairt, rothar)

**Cumarsáid agus taisteal**

- an bhfuil tarra agus cloichíní ar an mbóthar?
- cad as a bhfuil an cosán déanta?
- cad atá ar thaobh an bhóthair? cad as a bhfuil sé déanta?
- cad atá ina luí sa draein?
- cén úsáid a baineadh as na cuaillí ar an tsráid? (féach Treoirlínte an Mhúinteora, as Béarla)

Iarr ar na páistí na ceisteanna ar **Bhileog Oibre 3** a fhreagairt .





## Ghníomhaíocht Dheiridh

Tabhair **Bileog Oibre 2** do gach duine – tá an radharc céanna ann is atá ar **BO1** ach sa lá atá inniu ann. Iarr ar gach dalta liosta de na difríochtaí agus liosta de na rudaí a d'fhan mar an gcéanna a scríobh. Nuair atá siad réidh, téigh timpeall an ranga agus iarr ar gach dalta difríocht amháin a chonaic siad a insint duit. Déan an rud céanna ansin le rudaí a d'fhan mar an gcéanna. Coinnigh cuntas ar na difríochtaí agus ar na cosúlachtaí áit éigin sofheicthe sa rang.

## Naisc Ghréasáin

*Caisleán an Bharraigh san am atá thart*
**www.castlebar.ie/photos/old/**

*Inis, FADÓ agus SA LÁ ATÁ INNIU ANN*
**homepage.tinet.ie/~cbps/ennisthenandnow.htm**

### Tearmaí

- sráid-dreach
- claonchló
- am nochta
- teach sraithe
- teach scoite

### Loga an Mhúinteora

*"Thaitin sé go mór leis na daltaí féachaint ar cén chuma a bhí ar a mbaile fadó. Thug sé beocht dá gceantar áitiúil.*

*Múinteoir Rang 5/6*

